Gaeilge agus Fáilte *ar Raidió Pobail Chuan na Scairbhe, Dé Domhnaigh 21/2/21*

Comhrá ar an bhfón

Bernadette: Dia duit, Carol!

Carol: Dia is Muire duit, Bernadette!

Bernadette: Conas atá tú?

Carol: Ó tá mé go maith, go raibh maith agat!

Bernadette: Carol, níor bhuaileamar le chéile fós!

Carol: Níor bhuail.

Bernadette: Ní raibh an cupán caife againn fós.

Carol: Ní raibh.

Bernadette: Ar mhaith leat dul isteach sa Scairbh amárach?

Carol: Ba mhaith cinnte! Ach ní fhaca mé thú riamh!

Bernadette: Tá an ceart agat. Bhuel tá carr dearg agam. Citroen atá ann.

Carol: Ceart go leor. Tá rothar leictreach agam. Tá dath dubh air.

Bernadette: Ó féach air sin! Beidh mise ag caitheamh mo chóta nua ildaite ó Avoca.

Carol: Hmm... Beidh mise ag caitheamh seaicéad gorm. Agus tá gruaig rua orm.

Bernadette: Ceart go leor. Tá gruaig liath orm faraor.

Carol: Táim ábalta dul isteach ag a haon déag a chlog. Cad mar gheall ortsa?

Bernadette: Go breá. Rachaidh mé isteach ag a haon déag freisin agus buailfidh mé leat ag an gcaife.

Carol: Iontach. Go dtí amárach mar sin!

Bernadette: Slán go fóill!



Cúpla seanfhocal

Tá cúpla seanfhocal agam inniu a bhaineann leis an aimsir:

Níl tuile dá mhéad nach dtránn.

(There is no flood, however great, that doesn't ebb away.)

*Dá mbeadh **soineann** go Samhain bheadh breall ar dhuine éigin.*

(If it was fine till Halloween, someone would still be unhappy, i.e. You can't please everyone.)

Ní hé lá na báistí, lá na bpáistí. (Pun = imeartas focal)

(A rainy day doesn't suit children.)

Níl cur síos níos fearr ar an ngaoth ná an cur síos a fhaightear sa dán seo:

An Aimsir (ón mBéaloideas)

An ghaoth aduaidh bíonn sí crua, Is cuireann sí gruaim ar dhaoine,

An ghaoth aneas, bíonn sí tais, Is cuireann sí rath ar shíolta

An ghaoth anoir, bíonn sí tirim, Is cuireann sí sioc istoíche

An ghaoth aniar, bíonn sí fial, Is cuireann sí iasc i líonta.

The north wind is harsh, It puts people in bad humour,

The south wind is damp, It helps the seed to grow,

The east wind is dry, It brings us frost in the night,

The west wind is generous, It fills the nets with fish.